Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0288(COD)**

**14244/22**
**ADD 3**

**UD 225**
**CODEC 1640**
**COARM 223**
**CRIMORG 147**
**ECOFIN 1118**
**ENFOPOL 534**
**IA 169**
**JAI 1397**
**MI 790**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 299 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú aindleathach agus gáinneáil arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireacht eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 299 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 299 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2022
SWD(2022) 299 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú aindleathach agus gáinneáil arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireacht eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) (athmhúnlú)**

{COM(2022) 480 final} - {SEC(2022) 330 final} - {SWD(2022) 298 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar an Rialachán AE maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras na n-arm tine sibhialtach |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Tá imchéimniú á dhéanamh ar na rialacha atá i bhfeidhm maidir le hairm thine, rud is chúis le hairm thine a bheith **á smuigleáil agus á n-atreorú isteach san Aontas**. Baintear úsáid as na hairm thine aindleathacha sin chun cionta coiriúla a dhéanamh, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht. **Tá riosca ann go n-atreorófar na hairm thine tráth a n-onnmhairithe**, rud a chothaíonn an gháinneáil ar airm thine aindleathacha ar fud an domhain agus a chuireann leis an éagobhsaíocht agus leis an gcoireacht eagraithe ar fud an domhain freisin. Thairis sin, san athbhreithniú ar an Rialachán, cuireadh i dtábhacht go raibh breisluach teoranta ag an Rialachán toisc nach bhfuil fíor-chomhchuibhiú déanta ar na rialacha agus na próisis náisiúnta. Tá **ualach riaracháin** fós ar oibreoirí eacnamaíocha i ndáil le hallmhairí agus onnmhairí na n-arm tine sibhialtach. Is éard is cúis leis na fadhbanna sin:<br>• Easpa **malartaithe faisnéise** maidir le faisnéis rúnda, gabhálacha, idirthuras arm tine, diúltuithe i leith údaraithe onnmhairiúcháin a dheonú<br>• Easpa **rialaithe** agus easpa **measúnaithe riosca** chun fadhbanna agus treochtaí slándála a aimsiú, agus chun úsáid deiridh chuí na n-arm tine a dhéanamh amach<br>• **Comhar easnamhach idir údaráis chustaim agus údaráis cheadúnúcháin** maidir le hairm intiontaithe nó dhíghníomhachtaithe a sheiceáil, maidir le hatreorú a chosc agus bailíocht na n-údaruithe a sheiceáil, agus maidir leis an ualach riaracháin a laghdú le haghaidh táirgeoirí agus trádálaithe dlisteanacha<br>• **Creat dlíthiúil** doiléir a fhágann gur féidir léirithe agus rialacha náisiúnta éagsúla a dhéanamh ina leith, rud a chruthaíonn neamhréireachtaí agus difríochtaí sa léamh a mbíonn ag údaráis inniúla air (e.g. forluí le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle maidir le rialú onnmhairiúcháin ar threalamh míleata)<br>• Easpa **comhchuibhithe** idir Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 agus reachtaíocht eile, idir AE agus náisiúnta, maidir le hairm thine |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Tá coinne leis go gcomhchuibheofar leis an tionscnamh seo, na rialacha náisiúnta maidir le húdaruithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin le haghaidh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, agus armlóin in idirbhearta sibhialtacha, chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú. Thairis sin, tá coinne leis go neartófar na húdaráis inniúla leis an tionscnamh seo ó thaobh smuigleáil agus atreorú arm tine a chosc agus a chomhrac. Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo trí chuspóir shonracha a bhaint amach:<br>• Feabhas a chur ar **bhailiú sonraí córasach** faoi ghluaiseachtaí idirnáisiúnta arm tine, mar aon le sonraí faoi ghabhálacha.<br>• **Rialuithe agus measúnuithe riosca comhordaithe** a chumasú. Is éard atá i gceist leis sin, inrianaitheacht arm tine a áirithiú ar an gcéad dul síos trí fheabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an gcomhar idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis cheadúnúcháin<br>• **Cothrom iomaíochta a áirithiú agus an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha agus úsáideoirí arm tine a laghdú** trí phróisis agus sásraí rialaithe aontaithe a chruthú |

**Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais?**

I limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina mbíonn saorghluaiseacht ag earraí agus daoine, tá sé ríthábhachtach rialacha coiteanna a bheith ann maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú arm tine, a gcomhpháirteanna, agus armlóin. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna thuasluaite ach amháin ar leibhéal an Aontais ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag éagsúlacht na reachtaíochtaí náisiúnta ar éifeachtacht agus léiriú aonfhoirmeach dhlí inmheánach an Aontais (an Treoir maidir le hAirm Thine). Is féidir freisin go gcruthófaí bealaí éalaithe dlíthiúla mar gheall ar éagsúlachtaí reachtúla agus d'fhéadfadh coirpigh leas a bhaint astu. Tá na difríochtaí sna nósanna imeachta um údaruithe onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin agus idirthurais ag teacht salach ar choincheap inniúlacht eisiach an Aontais sa trádáil sheachtrach.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Seachas cur chuige na reachtaíochta boige (rogha 1) atá dírithe ar mholtaí/treoirlínte agus meabhrúchán a thabhairt d'údaráis faoin reachtaíocht atá infheidhme cheana féin, rinneadh measúnú ar dhá rogha reachtacha eile, agus is í rogha 3 an rogha thosaíochta.

- Rogha 1: cur chuige na reachtaíochta boige

Dhíreofaí ar chur chun feidhme iomlán Mholadh 2018 ón gCoimisiún maidir le céimeanna láithreacha chun feabhas a chur ar shlándáil na mbeart onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh arm tine, a gcodanna agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, agus armlóin.
Dhéanfaí an rogha sin a chomhlánú le treoraíocht agus le moltaí níos sonraí. E.g. na sonraí a leagan amach ar cheart d'údaráis cheadúnúcháin na n-arm tine a rianú agus a thaifeadadh tráth a n-allmhairithe agus a n-onnmhairithe, an córas faisnéise um rialú onnmhairiúcháin ar ghnáthairm (COARM) a uasghrádú agus a fheabhsú, athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir agus caighdeáin riosca choiteanna, agus dea-chleachtais a bhailiú maidir leis na nósanna imeachta simplithe etc.

- Rogha 2: an ceart dlíthiúil atá ann cheana a shoiléiriú

Leis an soiléiriú, chuirfí deireadh le débhríochtaí i léiriú na reachtaíochta is infheidhme (e.g. an cineál faisnéise atá le taifeadadh, airm agus comhpháirteanna áirithe a aicmiú mar airm thine), bhunófaí bonn dlí sainráite chun ceangal a chur ar údaráis inniúla na córais atá ann cheana a úsáid chun faisnéis a mhalartú, dhéanfaí nósanna imeachta atá ann cheana a chomhchuibhiú, sprioc-amanna a ailíniú, ról na n-allmhaireoirí agus na n-onnmhaireoirí a shoiléiriú, agus raon feidhme an Rialacháin a ailíniú le rialacha laistigh den Aontas (na catagóirí céanna le haghaidh airm thine, na hoibreoirí eacnamaíocha céanna). Leis an rogha seo, d'aistreofaí formhór na mbeart a luaitear i *rogha 1* chuig téacs an Rialacháin.

- Rogha 3: forálacha reachtacha nua

Le Rogha 3, chuirfí le rogha 2 agus chomhlánófaí é, agus chuirfí forálacha reachtacha nua léi. Is rud é a d'áiritheofaí inrianaitheacht iomlán na n-arm tine allmhairithe agus onnmhairithe, amhail marcáil allmhairiúcháin éigeantach, teorainn a chur le hallmhairí comhpháirteanna leathchríochnaithe chuig déileálaithe, córas ríomhairithe um chomhdúchán sonraí, deimhnithe úsáideora deiridh le haghaidh onnmhairiú na n-arm tine atá toirmiscthe nó atá faoi réir údarú (catagóirí A agus B), seiceálacha iar-seolta. Chuirfeadh sé ceangal ar údaráis náisiúnta staidreamh a roinnt agus feabhas a chur ar mhalartuithe faisnéise idir údaráis chustaim agus údaráis cheadúnúcháin. Bhunódh sé simplithe nua freisin (allmhairí sealadacha, údarú ginearálta onnmhairiúcháin, ríomh-nósanna imeachta), agus chuirfeadh sé deireadh le haon fhorluí, ó thaobh raon feidhme de, le rialacha AE maidir le honnmhairí trealaimh mhíleata (Comhsheasamh 2008/944/CBES) trí fheidhm eisiach a bheith aige maidir le gach idirbheart idir sibhialtaigh.

- Rogha 3bis: forálacha reachtacha nua, gan athrú ar an idirghníomhú leis an gComhsheasamh

Bheadh rogha 3bis an-chosúil le rogha 3, ach bheadh eisceacht amháin ann: seachas loighic na Treorach maidir le hAirm Thine a leanúint i dtaca leis an idirdhealú idir idirbhearta míleata agus sibhialtacha, choinneodh an Rialachán an tagairt do 'airm thine atá deartha le haghaidh úsáid mhíleata go sonrach'.

Bheadh an breisluach AE is airde ag Rogha 3. Má dhéantar an raon feidhme a ailíniú ina iomláine le raon feidhme na Treorach maidir le hairm thine (arna códú in 2021), chiallódh sin go rialódh an Rialachán gach idirbheart sibhialtach a bhaineann le hairm thine, lena n-áirítear trádáil shibhialtach i ndáil le hairm tine uathoibríocha, airm thine leath-uathoibríocha a bhfuil piléarlanna ardtoillte acu nó airm thine fhaide a bhfuil stoc infhillte nó insínte acu. Mar atá sa Treoir maidir le hairm thine, bheadh idirbhearta idir rialtais, nó díolacháin leis an arm nó leis na fórsaí armtha fós eisiata ón Rialachán, rud a fhágann go bhféadfaí na cuspóirí slándála agus simplithe a bhaint amach le haghaidh airm thine shibhialtacha amháin. Bheadh na simplithe nua a thabharfaí isteach ag freagairt d'iarrataí ó pháirtithe leasmhara (miondíoltóirí arm, monaróirí, sealgairí agus lámhachóirí spóirt) chun an t-ualach riaracháin orthu a laghdú agus chun cur chuige aonfhoirmeach AE a chur ar fáil.

**Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?**

Le linn an chomhairliúcháin phoiblí, chuir freagróirí béim shoiléir ar an ngá atá ann le gníomhaíocht ón Aontas. Mheas beagnach 70 % de na freagróirí (75 % d'ionadaithe gnó) go raibh sé tábhachtach nó an-tábhachtach go mbeadh rialacha AE coiteanna ann maidir le hallmhairí arm tine sibhialtach ó lasmuigh den Aontas agus maidir le honnmhairí arm tine sibhialtach go dtí tíortha lasmuigh den Aontas. Mheas 62 % acu go bhfuil ga le hidirghabháil ón Aontas maidir leis na rialacha atá ann faoi láthair i leith allmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras arm tine, agus mheas 59,9 % acu go bhfuil gá le huirlisí nua chun feabhas a chur ar na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair i leith allmhairiú, onnmhairiú agus idirthurais arm tine sibhialtach. Léirigh na húdaráis náisiúnta féin tacaíocht níos airde fós. Le linn an chomhairliúcháin rúnda le húdaráis inniúla agus údaráis forfheidhmithe dlí, mheas 76,66 % de na freagróirí go raibh sé tábhachtach nó an-tábhachtach go mbeadh rialacha AE coiteanna ann maidir le hallmhairí arm tine sibhialtach ó lasmuigh den Aontas agus maidir le honnmhairí arm tine sibhialtach go dtí tíortha lasmuigh den Aontas. Léiríonn an anailís ar na haighneachtaí saorthéacs sa chomhairliúchán poiblí go bhfuil méid mór iarrataí ann ar rialacha aonfhoirmeacha AE seachas a bheith ag cur leis na nósanna imeachta náisiúnta.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Tá coinne leis go gcuirfidh an rogha thosaíochta (rogha 3) go mór le feabhas a chur ar chumas na mBallstát smuigleáil agus atreorú arm tine a chosc tráth a n-allmhairithe agus a n-onnmhairithe. Le sásra ar leibhéal AE chun a áirithiú go n-aicmeofar samhail áirithe **airm rabhaidh agus comhartha** faoin áit chéanna san ainmníocht chomhcheangailte chustaim ar fud an Aontais, chuirfí coimircí slándála breise ar fáil, agus sin trína sheachaint nach ndearbhófaí samhlacha intiontaithe mar airm thine i mBallstáit áirithe. Ach liosta **d'airm rabhaidh agus chomhartha neamh-intiontaithe** a bhunú i gcomhréir le treoir cur chun feidhme 2019/69, d'áiritheofaí go n-aithneofaí na harmáin allmhairithe sin go huathoibríoch ar fud an Aontais. Mhéadódh sé sin slándáil na n-allmhairí nó bheadh ráthú ann gurb iad na harmlóin atá ar an liosta sin agus na harmlóin sin amháin nach airm thine iad.
**Cosc a chur le daoine aonair príobháideacha airm thine leath-críochnaithe agus comhpháirteanna bunriachtanacha a allmhairiú**, sin an cur chuige ab éifeachtaí chun atreorú agus monarú aindleathach arm tine neamh-mharcáilte a sheachaint. Chuirfí feabhas mór ar inrianaitheacht na n-arm tine (agus ar shlándáil na trádála dá bhrí sin) trí **ríomhairiú iomlán a dhéanamh ar na córais comhdúcháin sonraí le haghaidh údaruithe** (agus bheadh tairbhe bhliantúil EUR 1,5 milliún ag baint leis do na déileálaithe arm).

Údarú allmhairiúcháin AE aonfhoirmeach a chruthú, údaráis a ainmniú chun an chomhlíontacht a sheiceáil, agus sprioc-am 60 lá a bhunú chun údaruithe allmhairiúcháin a dheonú, is rudaí iad sin a chruthóidh cothrom iomaíochta do na hallmhaireoirí uile freisin. Thairis sin, má dheonaítear **toiliú intuigthe ó thríú tíortha maidir le hidirthuras arm tine** tar éis 20 lá i gcónaí, d'fhágadh sin go mbeadh laghdú breis agus EUR 56 000 in aghaidh na bliana i gceist le haghaidh déileálaithe arm.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Faoin rogha thosaíochta, beidh costais bhreise ann le haghaidh an riaracháin phoiblí toisc go mbeidh seiceálacha breise ó údaráis cheadúnúcháin agus ó údaráis chustaim i gceist (féach thíos – an roinn maidir leis an tionchar ar bhuiséid náisiúnta). Is beag tionchar iarbhír a bheidh ann áfach toisc gur cuid dhiomaibhseach den trádáil fhoriomlán iad airm thine shibhialtacha. Simpleofar rialuithe custaim freisin mar gheall ar an idir-inoibritheacht idir córais TF.

Toisc go mbeidh ar onnmhaireoirí fianaise an allmhairithe deiridh sa tír cinn scríbe a sholáthar, d'fhéadfadh costais bhliantúla thart ar EUR 180 000 a bheith i gceist leis sin le haghaidh na ndéileálaithe arm san Aontas. Thairis sin, má éilítear deimhniú úsáideora deiridh i gcás airm thine onnmhairithe i gCatagóir A agus B, beidh costas iomlán bliantúil thart ar EUR 720 000 i gceist leis sin le haghaidh na ndéileálaithe arm san Aontas (costas atá le roinnt idir na 20 000 déileálaí arm a mheastar a bheith gníomhach san Aontas).

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Tá na roghanna éagsúla ábhartha go háirithe le haghaidh oibreoirí beaga, agus iad 90 % de mhéid iomlán na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. Mar sin féin, is iad cuideachtaí móra a chruthaíonn 80 % de láimhdeachas monaraíochta iomlán na n-arm tine (agus tá 80 % de na gnólachtaí lonnaithe i sé Bhallstát), , mar sin ní bheadh ach tionchar beag ag na bearta ar FBManna.

Níl aon tionchar suntasach ag rogha 1 ná ag rogha 2 ar FBManna ó tharla nach ndéanann siad aon athrú substainteach ar ar an gcreat rialála reatha ná ní chruthaíonn siad oibleagáidí nua. Is moltaí nó soiléirithe iad maidir leis an gcreat dlíthiúil.

Dála na ndéileálaithe arm eile, is faoi rogha 3 amháin a bheadh costais (theoranta) i gceist le haghaidh FBManna. Baineann sé sin go háirithe le cruthúnas i leith allmhairiú sa tríú tír cinn scríbe a sholáthar go córasach. Ní chuirfeadh sé sin ualach sonrach eile ar allmhaireoirí, toisc gur faisnéis í sin a bhíonn idir lámha acu cheana féin agus is rud é a choinníonn siad ar taifead de ghnáth i gcás seiceálacha amach anseo.

Le linn an chomhairliúcháin phoiblí, chaith ionadaithe gnó amhras ar an gcur chuige maidir le deimhniú úsáideora deiridh a éileamh i gcás armáin onnmhairithe i gCatagóir A agus B faoi rogha 3, ach ní raibh siad in ann tionchar an bhirt sin a chainníochtú. Baineann an phríomhimní leis an gcaoi a bhfuil sé dodhéanta úsáideoir deiridh iarbhír sa tír cinn scríbe a chinneadh. Maolaítear an imní sin ós rud é gur faoi rogha 3, d'fhorálfaí leis an Rialachán gurbh é allmhaireoir iarbhír na n-arm tine sibhialtach (i.e. an déileálaí arm) sa tríú tír a mheasfaí ina úsáideoir deiridh agus an t-allmhaireoir sin amháin. Bhainfeadh an príomhualach leis an ngá gealltanas fíordheimhnithe a fháil ón allmhaireoir gan na hairm thine a athonnmhairiú agus gan iad a dhíol le húsáideoirí neamhshibhialtacha.

**An mbeidh tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Má dhéantar soiléiriú ar an gcreat dlíthiúil agus ar na forálacha lena soiléirítear róil na n-údarás custaim agus na n-údarás ceadúnúcháin faoi seach, ciallaíonn sin go mbeidh baint níos mó ag na húdaráis chustaim ó thaobh maoirseacht ar lastais arm tine a áirithiú. Éileofar ar údaráis chustaim ansin reachtaíocht earnála maidir le hairm thine a fhorfheidhmiú, agus sin trína áirithiú go háirithe go n-aicmeofar airm rabhaidh agus chomhartha allmhairithe ar bhealach leormhaith agus go bhfuil an doiciméadacht is gá ag gabháil leo, sin nó a áirithiú nach féidir ach le déileálaithe arm comhpháirteanna leathchríochnaithe a allmhairiú. Ó tharla nach ann ach do mhéid beag allmhairí agus onnmhairí (0,027 %

| |
|---|
| d'allmhairí uile an Aontais agus 0,069 % d'onnmhairí uile an Aontais), agus ó tharla nach ndéanann údaráis chustaim rialuithe córasacha ach go ndéanann siad seiceálacha fisiciúla bunaithe ar phróifílí riosca amháin, sin nó seiceálacha doiciméadachta *ex-post*, meastar gur bheag an tionchar a bheadh ann. Ar an gcaoi chéanna, bheadh tionchar teoranta i gceist le húsáid éigeantach ardáin shonraigh chun faisnéis a mhalartú maidir le diúltuithe údaruithe a dheonú, i bhfianaise a laghad diúltuithe a eisítear gach bliain (thart ar 30 diúltú in aghaidh na bliana).<br>Is dócha go mbeidh gá le hinfheistíochtaí TF aonuaire i bhformhór na mBallstát chun córais ríomhairithe um chomhdúchán sonraí a bhunú le haghaidh údaruithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin. Cé gur cosúil nach raibh aon Bhallstát réidh chun meastachán a sholáthar, mheas na Ballstáit ar fad a ndeachthas i gcomhairle leo sa chomhairliúchán spriocdhírithe gur bheart indéanta é sin. Chúiteofaí an costas den chuid is mó mar gheall ar an mbuntáiste a d'eascródh as nasc díreach a chumasú le córais náisiúnta comhdúcháin sonraí maidir le húinéirí dlíthiúla arm tine agus le clár na ndéileálaithe arm tine. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Trí aghaidh a thabhairt ar bhagairt na gáinneála ar airm thine, beidh tionchar dearfach ag na roghanna uile atá samhlaithe ar shlándáil shaoránaigh an Aontais.<br>Leis an roghanna samhlaithe, thabharfaí lánurraim do chuspóirí Airteagal 45 den Chairt maidir leis an gceart chun gluaiseachta atá ag saoránaigh an Aontais, ós rud é go ndeimhneodh sé an fhéidearthacht atá acu an tAontas a fhágáil go sealadach (agus teacht ar ais) lena n-arm tine pearsanta agus iad ag taisteal chun críoch spóirt nó sealgaireachta. Leis na simplithe breise do bhailitheoirí nó do mhúsaeim, ba cheart go n-éascófaí a gceart chun gluaiseachta freisin. |
| **D. Beart Leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an ghnímh reachtaigh, i bprionsabal tráth nach luaithe ná cúig bliana tar éis an sprioc-ama le haghaidh chur chun feidhme an ghnímh reachtaigh, lena áirithiú gurb ann do thréimhse sách fada chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an tionscnaimh tar éis é a bheith curtha chun lánfheidhme ar fud na mBallstát. Sula ndéanfaí an mheastóireacht sin, dhéanfaí tuarascálacha cur chun feidhme agus chuirfí clár faireacháin ar bun. |